C/2024/7488

17.12.2024

Fógra le haghaidh duine agus eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2014/145 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2024/7488)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Artem Pavlovich MARCHEVSKYI (1753) agus VOICE OF EUROPE S.R.O. (426), an duine agus an t-eintiteas a áirítear ar an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle [1] arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2456 ón gComhairle [2], agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2455 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle an duine agus an t-eintiteas thuasluaite a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle [5] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle [6] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise.

Cuirtear in iúl don duine agus don eintiteas lena mbaineann, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh sé an dréachtráiteas ar chúiseanna, **roimh an 4 Eanáir 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Global and Horizontal Affairs
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
(2) IO L, 2024/2456, 13.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2456/oj.
(3) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.
(4) IO L, 2024/2455, 13.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2455/oj.
(5) IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj.
(6) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.